

Ainmniú ionadaithe dlíthiúla in Éirinn ag soláthraithe seirbhísí óstála de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/784 ('TCOR')

Ceanglaítear le hAirteagal 17 de TCOR ar sholáthraithe seirbhísí óstála, nach bhfuil a bpríomhbhunaíocht san Aontas Eorpach, ionadaí dlíthiúil, ar a bhfuil cónaí i mBallstát nó atá bunaithe i mBallstát ina bhfuil a chuid seirbhísí á gcur ar fáil aige, a ainmniú i scríbhinn.

Tá Coimisiún na Meán freagrach as ainmnithe a fháil d'ionadaithe dlíthiúla in Éirinn.

Ní mór don soláthraí seirbhísí óstála ainmniúcháin a eisiúint ar pháipéarachas ceannchlóite a chuideachta agus ní mór do dhuine atá údaraithe go cuí iad a shíniú.

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa litir ainmniúcháin:

- ainm cuideachta an tsoláthraí seirbhísí óstála;
- sonraí ionchorpraithe an tsoláthraí seirbhísí óstála (tír ionchorpraithe agus uimhir chuideachta);
- ainm an ionadaí dhlíthiúil atá ainmnithe chun críoch Airteagal 17 de TCOR agus sonraí an ionchorpraithe (más infheidhme);
- sonraí teagmhála an ionadaí dhlíthiúil (ainm, seoladh ríomhphoist, seoladh poist agus uimhir theileafóin teagmhála); agus
- ráiteas follasach ón soláthraí seirbhísí óstála gur ainmníodh an t-ionadaí dlíthiúil chun críoch Airteagal 17 de TCOR.

Tá sé d'obleagáid ar sholáthraithe seirbhísí óstála a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ar fáil go poiblí, go bhfuil rochtain éasca uirthi, go bhfuil sí cruinn agus go gcoinnítear cothrom le dáta í.

Ní mór ainmniúcháin ionadaithe dlíthiúla in Éirinn a chur in iúl don Choimisiún. Is féidir ainmniúcháin nó ceisteanna a chur chuig article17tcordesignations@cnam.ie.